Comhairle na mBreithiúna
The Judicial Council

# Tuarascáil Bhliantúil
# 2024

**Sármhaitheas breithiúnach agus neamhspleáchas a chur chun cinn chun muinín an phobail as na breithiúna agus as riar an chirt in Éirinn a chinntiú**

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHAIRLE NA mBREITHIÚNA** | **2** |
| RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH | 3 |
| RÉAMHRÁ AN RÚNAÍ | 6 |
| FORBHREATHNÚ AR 2024 | 8 |
| MAIDIR LE COMHAIRLE NA mBREITHIÚNA | 9 |
| AN BORD | 13 |
| AN COISTE UM STAIDÉIR BHREITHIÚNACHA | 15 |
| AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA | 20 |
| AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA AGUS EOLAS | 23 |
| NA COISTÍ UM THACAÍOCHT BHREITHIÚNACH | 27 |

| | |
|---|---|
| **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH** | **30** |
| CÚLRA AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH | 31 |
| TUARASCÁIL AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH IN 2024 | 34 |
| TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DE BHUN ALT 87 | 36 |

# Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na mBreithiúna 2024

# Réamhrá
# Chathaoirleach Chomhairle na mBreithiúna



**An Príomh-Bhreitheamh Donal O'Donnell,**
*Cathaoirleach Chomhairle na mBreithiúna*

**Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na mBreithiúna do 2024 a chur i láthair.**

Is í seo an cúigiú tuarascáil ó Chomhairle na mBreithiúna agus, i ndiaidh cúig bliana iomlána i mbun feidhmíochta, is tráthúil na hathruithe a chumasaigh an tAcht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019 a phlé chomh maith leis an méid a baineadh amach i rith na tréimhse sin.

Is ar éigean gur gá é a mhíniú, ach sular tháinig feidhmeanna na Comhairle i bhfeidhm i gcaitheamh 2020, ní raibh aon choiste um iompar breithiúnach ann, ní raibh treoirlínte maidir le pianbhreitheanna ná díobhálacha pearsanta á bhforbairt agus ní raibh ach oiliúint theoranta bhreithiúnach ar fáil. Is cúis mhór áthais mar sin dul chun cinn suntasach a fheiceáil sna réimsí sin, agus in go leor réimsí eile freisin go deimhin.

Chomhlíon an Chomhairle na spriocdhátaí reachtúla éagsúla a cruthaíodh san Acht. Áiríodh air sin glacadh na chéad Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, agus rinne an coiste ábhartha an chéad athbhreithniú ar na treoirlínte sin i mí an Mhárta 2024. D'fhaomh an Bord na treoirlínte sin faoi dheireadh na bliana, agus beartaítear, faoi réir bhreithniú Chomhairle na mBreithiúna, go leanfaidh siad an nós imeachta reachtúil athbhreithnithe agus go dtarchuirfear chuig an Aire Dlí agus Cirt iad go luath in 2025. Leanadh in 2024 leis an obair throm a cuireadh de chúram ar an gcoiste chun treoirlínte agus eolas maidir le pianbhreitheanna a dhréachtú. D'fhoilsigh an coiste a thaighde agus eolas cuimsitheach maidir le pianbhreitheanna le blianta beaga anuas, agus cuirfear an chéad dréacht-treoirlíne, maidir le foréigean i gcomhthéacs caidrimh, i gcrích go luath in 2025. Is léir ag an bpointe seo go mbeidh gá le leathnú ar an leibhéal taighde a theastaíonn chun tacú leis an bhfeidhm sin amach anseo má tá dul chun cinn suntasach le déanamh.

Tá roinnt sonraí sa tuarascáil bhliantúil seo maidir le hobair leanúnach an Choiste um Staidéar Breithiúnach chun oiliúint a chur ar bhreithiúna ónár ndlínsí cúirte ar fad. Roimh Chomhairle na mBreithiúna, rinneadh go leor dár n-oiliúint lasmuigh d'Éirinn tríd an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), nó trí bhreithiúna ag taisteal go dlínsí máguaird chun leas a bhaint as a saoráidí oiliúna. Forbraíodh an oiliúint sách ad hoc a chuireamar ar fáil, agus anois is léir go bhfuil tairiscint oiliúna breithiúnaí shainoiriúnaithe ag Éirinn, a bhíonn ar fáil inár n-áitreabh i dTeach Cúirte Shráid na Faiche, atá á fhorbairt seasta, agus nach n-aithneofaí ón méid a bhí ann in 2019.

Gné thábhachtach den Acht is ea gur tugadh aghaidh ann ar an easpa réimeas foirmiúil chun iompar breithiúnach a threorú agus a bhainistiú. Go deimhin, mar gheall ar an easpa sin, bhíothas den tuairim nár cheart iompar breithiúna in Éirinn a cheistiú ar chor ar bith. Cé nach raibh an tuairim sin cruinn, feabhsaíodh muinín an phobail as na breithiúna mar gheall ar chruthú sásra láidir inar féidir gearáin faoi iompar breithiúna a mheas agus dul i ngleic leo faoi phróiseas reachtúil neamhspleách. Déantar cur síos i dTuarascáil Bhliantúil an Choiste um Iompar Breithiúnach le haghaidh 2024 agus blianta roimhe sin ar na nósanna imeachta agus staitisticí maidir le gearáin faoi bhreithiúna ó cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá patrún ag teacht chun cinn ina ndéanann líon beag de ghearánaigh rialta líon mór gearán a gcaithfear dul i ngleic leo, chomh maith le líon suntasach gearán a dhéanann dlíthithe aonair a bhíonn do-ghlactha go minic toisc gur gearáin iad faoi thoradh cáis seachas iompar an bhreithimh. In 2024, d'fhéach an coiste, i bhfianaise taithí le dhá bhliain anuas, leis an bpróiseas gearán a shoiléiriú agus béim á leagan freisin ar an gcaoi

nach measann an tAcht gearáin faoi chinntí breithiúnacha nó cúirte mar inmheasta laistigh den phróiseas sin. Mar sin féin, is suntasach an pictiúr a léiríonn na staitisticí sin agus an patrún gearán, go háirithe nuair a chuimhnítear ar an líon cásanna a mbíonn breithiúna in Éirinn ag plé leo. Is léir ó shonraí 2024 go mbíonn breithiúna in Éirinn ag iarraidh cloí leis na hardchaighdeáin a leag siad féin síos nuair a ghlac siad na treoirlínte maidir le hiompar in 2022.

In 2024, threoraigh na moltaí cur i bhfeidhm i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach (GOPB) cuid dár ndul chun cinn arís. Aithníodh sa Tuarascáil sin, a foilsíodh in 2023, obair bhreise na mbreithiúna mar gheall ar bhunú Chomhairle na mBreithiúna agus cuireadh é sin san áireamh sna moltaí. Lean Comhairle na mBreithiúna ag plé le moltaí na Tuarascála agus á gcur i bhfeidhm, go háirithe maidir leis na topaicí oiliúna breithiúnaí a sainaithníodh agus, go tábhachtach, na moltaí i leith leas agus folláine bhreithiúnach. Chuige sin, is maith iad na forbairtí a rinneadh faoi dheireadh 2024 a fheiceáil.

Tá tábhacht faoi leith fós le rannpháirtíocht idirnáisiúnta le breithiúna eile chun eispéiris agus foghlaim a roinnt lena chéile. In 2024, d'óstáil an Chomhairle cruinnithe de chuid Chomhairle Chomhairleach na mBreithiúna Eorpacha (CCJE), Chomhairlí Pianbhreithe Thuaisceart Éireann, na hAlban agus Shasana agus na Breataine Bige, chomh maith le cruinnithe GEOB agus Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (GECB).

Gabhaim buíochas leo siúd a fhónann mar chomhaltaí Boird, leis na breithiúna ar fad ar comhaltaí iad de na coistí éagsúla agus leo siúd a chuireann oiliúint agus meantóireacht ar fáil dá gcomhghleacaithe. Tá sé tábhachtach go n-admhaítear an méid ama a chaitheann breithiúna in Éirinn ar fheidhmeanna Chomhairle na mBreithiúna. Tá siad siúd ar fad a dhéanann an obair sin, a bhfuil níos mó ná 60 breitheamh i gceist leo, tar éis an t-ualach oibre a chur lena bhfeidhmeanna breithiúnacha laethúla. Bíonn an obair riachtanach agus iarmhartach a bhaineann leis na róil sin deacair do na breithiúna sin a bhfuil róil éagsúla le comhlíonadh acu agus go háirithe i gcomhthéacs na n-oibleagáidí breise a tháinig chun cinn ag deireadh 2024, ar nós theacht an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Tá na róil ar fad tábhachtach agus teastaíonn dóthain ama chun freastal orthu ar an mbealach ceart. Agus ní féidir dearmad a dhéanamh ar na dúshláin atá le sárú ag Uachtaráin Chúirte chun breithiúna a scaoileadh ó thiomantais chúirte chun freastal ar oiliúint.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun tagairt d'ardaidhm na mbreithiúna go ginearálta agus a léirítear san Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019. Is é sin muinín an phobail as na breithiúna in Éirinn agus as riar an chirt. Tá ról tábhachtach ag Comhairle na mBreithiúna chuige sin agus leanfaidh sí ag tacú le cinnteoireacht na mbreithiúna trína feidhmeanna i leith folláine, oiliúint agus ullmhú treoirlínte. Tugann na breithiúna faoi fhormhór a bhfeidhmeanna os comhair an tsaoil mhóir agus dá bhrí sin bíonn siad faoi réir ag iniúchadh an phobail ar leibhéal nach mbíonn i gceist i bhformhór na ngairmeacha eile. Ach ní fhéachann siad le hidirghníomhú le tuairimí an phobail faoi chásanna, ná i ndiaidh cinneadh a dhéanamh ach an oiread. Ní hé ról an bhreithimh é gnaoi an phobail a chothú ná cloí le tuairimí an phobail sa chinnteoireacht. Is é cur i bhfeidhm an dlí an ról agus, mura dtagann sé sin le tuairim an phobail trí chéile, ní chiallaíonn sé sin go raibh an breitheamh “mícheart”. Má mheastar go ndearna breitheamh botún tá nósanna imeachta ar fáil, achomharc le cúirt níos airde ina measc, chun sásamh a lorg.

Tá riar an chirt ina fheidhm riachtanach i saol an lae inniu agus tá plé, tuairimíocht agus cáineadh an phobail tábhachtach chun a chinntiú go gcomhlíontar an tasc chomh maith agus is féidir. Caithfidh dóthain acmhainne a bheith ag breithiúna chun glacadh le tuairimíocht dá leithéid agus an ról dearfach a bhíonn aige uaireanta a aithint. Ach tá sé tábhachtach go mbeadh bonn ceart faoi aon fhuadar chun “breithiúnas a dhéanamh ar bhreithiúna” agus nach mbeadh sé bunaithe ar thuiscint nó eolas teoranta ar an méid a tharla. Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann le tuairisciú cruinn ar an méid a tharlaíonn inár seomraí cúirte.

Ar deireadh, tá an Bord agus mé féin buíoch i gcónaí den Rúnaí agus d'fhoireann na Comhairle dá dtiomantas leanúnach do thacú agus spreagadh obair na Comhairle. Anuas air sin, lean obair ár gcomhaltaí tuata ag cur go mór le héachtaí 2024. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do gach uile dhuine as an méid a chuireann siad le Comhairle na mBreithiúna. Beartaítear, i ndiaidh garspriocanna éagsúla a bhaint amach in 2024, go bhféachfar leis an líon foirne a leathnú i rith 2025 chun an tacaíocht chorparáideach agus taighde a sholáthar chun leanúint leis an obair agus í a fhorbairt amach anseo. Ar nóta pearsanta, ba cheart dom a rá, ó tharla an méid a phléitear sa tuarascáil seo, gur úsáid mé an chumhacht faoi Alt 12(3) den Acht um Chomhairle na mBreithiúna chun an Breitheamh O'Malley a ainmniú chun feidhmeanna an Phríomh-Bhreithimh mar Chathaoirleach an Bhoird a chomhlíonadh ar feadh bliana chun gur féidir liom díriú ar an obair a bhaineann le bunú an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Ach mar an Príomh-Bhreitheamh, leanfaidh mé orm mar chathaoirleach na Comhairle.

**Donal O'Donnell, An Príomh-Bhreitheamh,**
*Cathaoirleach Chomhairle na mBreithiúna*
Meitheamh 2025

# Réamhrá an Rúnaí



**Kevin O'Neill**
*Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna*

**Tá an-áthas orm an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil ó Chomhairle na mBreithiúna a chur i láthair. Anuas ar bhreac-chuntas a thabhairt ar an dul chun cinn leanúnach a rinneadh in 2024, déantar machnamh sa tuarascáil seo ar roinnt garspriocanna tábhachtacha ó bunaíodh an Chomhairle agus ár bpleananna forbartha don todhchaí.**

Ó bunaíodh í, leagtar amach san Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019 an sceideal reachtúil le haghaidh spriocanna Chomhairle na mBreithiúna, is é sin, go bunúsach, ár bplean straitéiseach. Díríodh i gcónaí, i measc breithiúna agus comhaltaí foirne, ar cheanglais an Achta a chomhlíonadh. Áiríodh air sin, agus gach garsprioc á baint amach, a chinntiú go raibh dóthain foirne agus riachtanais eile ar fáil chun tacú le gach feidhm.

Bhí an chéad chruinniú ag Bord Chomhairle na mBreithiúna i mí an Mhárta 2020, agus cúpla lá níos deireanaí cuireadh na dúshláin a bhaineann le hoibriú i rith paindéime sa mhullach ar na dúshláin a bhaineann le comhlacht poiblí nua a bhunú. D'ainneoin na ndúshlán sin, d'éirigh leis an gComhairle gach sprioc a chomhlíonadh. Beartaítear san Acht go bhfónfaidh na comhaltaí coiste éagsúla, agus na comhaltaí Boird freisin, téarma tosaigh ceithre bliana, agus chuige sin tháinig comhaltaí nua i gcomharba ar go leor de na breithiúna a ceapadh in 2020, agus a bhí lárnach i sárú na ndúshlán luath sin, in 2024.

Ba é ullmhú na chéad Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta an chéad dúshlán suntasach a bhí ag an gComhairle, in 2020. Rinneadh an chéad athbhreithniú ar na treoirlínte sin faoin Acht, a bhí le déanamh leis na critéir chéanna agus a bhí i bhfeidhm in 2020, le tacaíocht ó fhoireann na Comhairle, agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird é in 2024. Chuir Coiste na Comhairle um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas tús lena chuid oibre féin in 2020, cé go raibh an tasc i bhfad níos casta. I ndiaidh taighde a choimisiúnú agus a dhéanamh, cuireadh an obair i gcrích in 2024 a theastaigh chun an chéad treoirlíne a dhréachtú, inar díríodh ar chur i bhfeidhm Alt 40 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018.

Tugtar breac-chuntas i dtuarascáil an Choiste um Iompar Breithiúnach ar lch 30 ar go leor de phríomhbhreithnithe an Choiste a d'eascair as oibriú an chórais um iompar agus gearáin bhreithiúnacha ó mhí Dheireadh Fómhair 2022, trí tharraingt ar mo thaithí féin mar Chláraitheoir an Choiste um Iompar Breithiúnach freisin. Ar an drochuair, tá go leor gearánach fós den tuairim mhícheart gur deis é an córas seo chun míshástacht le torthaí cásanna cúirte a chur in iúl, bídís bainteach go gníomhach leis na cásanna sin nó ná bíodh.

Is é mo thaithí féin nach n-éiríonn le go leor gearán an tairseach inghlacthachta atá leagtha amach san Acht a chomhlíonadh. Tá a choitianta a bhíonn gearáin ó pháirtithe gan ionadaíocht ag tabhairt le fios fós go mbíonn sé níos deacra ar dhaoine nach bhfuil buntáiste na comhairle dlí acu próiseas na cúirte agus an méid a tharla agus cén fáth a thuiscint. Bíonn an t-eispéireas iomarcach agus deacair le tuiscint do dhaoine atá ag freastal ar an gcúirt, go háirithe den chéad uair, ní nach ionadh. Ach bíonn na conclúidí gan údar go bhfuil breitheamh claonta i bhfabhar na bpáirtithe freasúra toisc nach n-éistear le gach rud a dteastaíonn ón ngearánach a rá, nó mar gheall ar mhíshástacht le cinneadh, á dtarraingt anuas mar ghearán go minic. Tarlaíonn sé sin mar gheall ar easpa tuisceana go minic ar phróiseas na cúirte agus go háirithe ar ról an bhreithimh.

Tá cosc orm labhairt faoi ghearáin ar leith. Ach i mo thuairim féin, i ndiaidh níos mó ná 500 gearán a mheas faoi dheireadh 2024, éisteacht le taifeadadh fuaime de go leor éisteachtaí ina measc, tá iompar bhreithiúna na hÉireann ar ardchaighdeán. Anuas air sin, léiríonn ár mbreithiúna guaim den scoth ó mo thaithí féin, nuair atá griogadh suntasach i gceist ina measc.

Tá cur amach agam ar na tairiscintí forbartha gairmiúla a bhí ar fáil do bhreithiúna cúig bliana ó shin, agus tá sé an-sásúil dá bhrí sin forbairt clár oideachais agus oiliúna breithiúnaí a fheiceáil. Tá tairiscint shainoiriúnaithe oiliúna agus oideachais i bhfeidhm anois do bhreithiúna in Éirinn. Tá cathaoirligh agus comhaltaí an Choiste um Staidéar Breithiúnach, iad sin a bhí ann roimhe agus iad sin atá ann faoi láthair, tar éis an-fhís agus fuinneamh a léiriú, ó mo thaithí féin, i gcruthú agus leathnú na feidhme. Chomh maith leis sin, stiúir ár mbeirt Stiúrthóirí um Staidéar Breithiúnach cláir oiliúna a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le breithiúna, i dtaobh chur i bhfeidhm an dlí agus na scileanna pearsanta a theastaíonn uathu chun tabhairt faoina róil a thabhairt dóibh. Tá saineolas breise ag an Stiúrthóir Comhlach um Staidéar Breithiúnach, comhalta d'fhoireann na Comhairle, sa réimse seo agus, i dteannta a foirne, thacaigh sí leis an gcoiste chun é a thabhairt go leibhéal nua. D'éirigh go maith leis an bhfeidhm seo arís in 2024.

Mar a luath an Príomh-Bhreitheamh, ní aithneofá an oiliúint bhreithiúnach i gcomparáid lena raibh ann cúig bliana ó shin. Ní acmhainn é anois atá go deas a bheith ar fáil do bhreithiúna, ach ceann atá ag teastáil agus a éilítear. Is suntasach gur ceapadh beagnach leath na mbreithiúna reatha ó bunaíodh an Chomhairle. Fágann an t-athrú cultúrtha a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas go mbítear ag súil, mar is ceart, le soláthar cláir oiliúna chuimsithigh.

Is forbairt an-dearfach a fheiceáil go bhfuil feidhm folláine agus leasa do na breithiúna tagtha chun cinn. Bhain ár bhformhór sa státseirbhís agus san earnáil phoiblí taitneamh agus tairbhe as infhaighteacht na dtacaíochtaí riachtanacha sin le blianta fada anuas. Bhíodh sé de nós ag breithiúna, os a choinne sin, brath ar líonraí neamhfhoirmiúla. Cosúil leis an taithí i ndlínsí máguaird, bhí folláine bhreithiúnach taobh thiar de réimsí eile den earnáil phoiblí agus tá an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an gcoiste, le tacaíocht ónár bhfoireann, ina ghné riachtanach chun tacú le breitheamh a ról a chomhlíonadh.

Thagair mé roimhe seo don tábhacht a bhaineann le caidrimh láidre a chothú le cúirteanna agus comhlachtaí breithiúnacha idirnáisiúnta. Cé gur fíor gan amhras go bhfuil idirghníomhaíochtaí breithiúnacha le comhghleacaithe ó thíortha eile tábhachtach, is fíor amhlaidh ar an leibhéal oifigiúil. Bhí ár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann, Sasana agus an Bhreatain Bheag, agus Albain thar a bheith tacúil agus muid ag fás ár bhfeidhmeanna. Is suntasach iad siúd a bhíonn páirteach in oiliúint bhreithiúnach agus i bhfeidhmeanna pianbhreitheanna sna dlínsí sin. Ag comhdhálacha i mBaile Átha Cliath agus i nDún Éideann in 2024, is dearfach a rá, chomh maith le leanúint ag foghlaim óna n-eispéiris, go bhfuilimid ag cur ár nguthanna féin leis an bplé anois freisin. Admhaím comhghleacaíocht na foirne sa Ghréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (GECB) agus Comhairle Chomhairleach na mBreithiúna Eorpacha (CCJE) agus ba chúis áthais dúinn bualadh le toscairí ó na heagraíochtaí sin ar fad i mBaile Átha Cliath in 2024.

Breathnaím chun cinn go 2025 agus mé ag súil go bhforbrófar tuilleadh, go háirithe trí Chóras Bainistíochta Foghlama do na breithiúna agus Córas Bainistíochta Cásanna Gearán, agus breis tacaíochta a chur ar fáil don Choiste um Pianbhreitheanna. Beartaítear freisin iarracht a dhéanamh tacaíochtaí corparáideacha na Comhairle a leathnú le haghaidh fheidhmeanna eile na Comhairle.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird, iad siúd ar choistí na Comhairle agus an iomaí breitheamh eile a chuir ar go leor bealaí le dul chun cinn Chomhairle na mBreithiúna in 2024, agus go deimhin, ó 2020. Baineann ualaí oibre troma leis sin do go leor, anuas ar ról dúshlánach an bhreithimh sa chúirt. Ag an bpointe seo, ba mhaith liom a rá gur bheirt chrann taca de Chomhairle na mBreithiúna ab ea an Breitheamh Elizabeth MacGrath agus an Breitheamh Marie Quirke, a fuair bás le dhá mhí dhéag anuas. Ina róil faoi seach, mar chomhalta boird agus in oiliúint bhreithiúnach, chomh maith le go leor róil eile, thacaigh siad go hiomlán le Comhairle na mBreithiúna agus níor theip riamh ar a dtacaíocht domsa agus m'fhoireann. Gabhaim buíochas arís as tacaíocht gach duine a d'oibrigh don Chomhairle in 2024 agus leis na breithiúna sin a thacaíonn go gníomhach linn inár róil. Ní fhéadfaí aon chuid den mhéid atá thuasluaite a bhaint amach gan a mbuanna agus a ndíograis.

**Kevin O'Neill**
*Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna*
Meitheamh 2025

# Forbhreathnú ar 2024

## SUÍOMH GRÉASÁIN

judicialcouncil.ie

**6,467**
cuairteoir

## IOMPAR BREITHIÚNACH

**111**
Breitheamh a nDearnadh Gearán Fúthu

**273**
Gearán

**237**
Cinntiúchán

**0**
Gearán Inghlactha

**58**
Gearán a Athbhreithníodh

## OILIÚINT BHREITHIÚNACH

**10**
breithiúna nua ionduchtaithe

**5**
chomhdháil a fuair tacaíocht

**100**
imeacht oiliúna a tairgeadh

**97%**
de na breithiúna a d'fhreastail ar imeacht oiliúna de chuid an Choiste

## BREITHIÚNA

**195**
comhalta comhairle

# Maidir le Comhairle na mBreithiúna

# Maidir le Comhairle na mBreithiúna


**Bunaíodh an Comhairle na mBreithiúna de bhun an Achta um Chomhairle na mBreithiúna, 2019 ("an tAcht") ar an 17 Nollaig 2019 de bhun Alt 5 den Acht. Is foras neamhspleách é a bhfuil a chomhaltaí uile ina mbreithiúna in Éirinn. Tá raon iomlán fheidhmeanna na Comhairle leagtha amach in Alt 7 den Acht. Comhlíonann Bord a lán d'fheidhmeanna na Comhairle agus tá tuilleadh faisnéise faoin mBord sin ar fáil ar leathanach 13.**

Is féidir achoimre a dhéanamh ar fheidhmeanna na Comhairle ó thaobh gach ceann dá ceithre phríomhfheidhm mar seo a leanas:

1. Foras neamhspleách, forásach a thógáil le haghaidh breithiúna neamhspleácha
2. Sármhaitheas a chur ar fáil trí oiliúint thiomanta bhreithiúnach agus feidhmeanna tacaíochta, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le díobhálacha pearsanta agus pianbhreitheanna
3. Feidhm a chruthú chun caighdeáin arda iompair bhreithiúnaigh a mhaoirsiú
4. Muinín an phobail as na breithiúna agus as riar an chirt a bhaint amach

Mar chuid lárnach de luachanna Chomhairle na mBreithiúna tá na croíluachanna breithiúnacha seo a leanas:

- Neamhspleáchas
- Neamhchlaontacht
- Ionracas
- Cuibheas (lena n-áirítear cuma an chuibhis)
- Inniúlacht agus dúthracht
- Caitheamh comhionann le gach duine os comhair na gcúirteanna



Tá feidhmeanna sainiúla ag an gComhairle lena n-áirítear glacadh le agus foilsiú a leanas:

- Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach
- Dréacht-Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus leasuithe arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus tuiscint ar na prionsabail a rialaíonn measúnú agus bronnadh damáistí maidir le díobhálacha pearsanta a chur chun cinn i measc breithiúna
- Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas agus cur chun cinn tuisceana maidir le prionsabail phianbhreitheanna

Chomh maith leis na feidhmeanna sin, tá ról níos ginearálta ag an gComhairle cumarsáid a bhunú, a choinneáil agus a fheabhsú le forais a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna a cheaptar i gcúirteanna lasmuigh d'Éirinn agus forais idirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna. Féadfaidh Bord na Comhairle nó coistí na Comhairle go leor de na feidhmeanna a chomhlíonadh, cé nach féadfaidh ach an Chomhairle amháin glacadh leis na treoirlínte dá dtagraítear roimhe seo. Ní mór go dtabharfaí Comhairle na mBreithiúna le chéile uair sa bhliain. Bíonn an Príomh-Bhreitheamh mar chathaoirleach na Comhairle. Déanann Rúnaí na Comhairle Breithiúnach bainistiú ar thacaíocht riaracháin do Chomhairle na mBreithiúna, a thuairiscíonn don Bhord i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna agus a thugann cuntas don Choiste um Chuntais Phoiblí agus do choistí Oireachtais eile maidir le cuntais agus riarachán ginearálta na Comhairle. Maoiníodh an Chomhairle ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt in 2024.

## Comhairle na mBreithiúna in 2024

Tugtar cuntais anseo a leanas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí choistí uile na Comhairle, agus thagair an Príomh-Bhreitheamh agus an Rúnaí do go leor den mhéid a tharla i rith na bliana freisin. Anuas ar an méid sin, agus an obair thábhachtach a dhéanann an Bord, bhí an Chomhairle gníomhach i réimsí éagsúla eile freisin.

Ní mór go dtabharfaí comhaltaí uile Chomhairle na mBreithiúna le chéile uair sa bhliain. Bhí a cruinniú reachtúil bliantúil aici i mí Feabhra 2024. Pléadh cúrsaí a théann i bhfeidhm go ginearálta ar na breithiúna leis an gComhairle, agus rinne príomhchainteoir cur i láthair faoi ról na gcinnteoirí a bhíonn i mbéal an phobail. Bhí gné oiliúna ag baint leis an gcruinniú freisin, agus pléadh an nós imeachta chun beirt chomhaltaí a ainmniú ar an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Reáchtáladh ceardlann oiliúna faoin gCinnteoireacht Chuidithe freisin.





*Bhuail toscairí ó Choimisiún Breithiúnach Phoblacht na hIndinéise leis an Rúnaí agus le comhaltaí Chomhairle na mBreithiúna*

Lean an Chomhairle lena rannpháirtíocht idirnáisiúnta le comhlachtaí breithiúnacha i gcaitheamh 2024, feidhm na Comhairle dá bhforáiltear in Alt 7(2)(k) den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019. D'óstáil comhaltaí Comhairle toscaireacht breithiúna ón Spáinn i mí Dheireadh Fómhair. Bhuail comhaltaí Comhairle le toscairí ó Choimisiún Breithiúnach Phoblacht na hIndinéise freisin. Óstáladh imeacht i mBaile Átha Cliath i gcomhar le Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Mná. Go luath in 2024, óstáladh Cruinniú Plé Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (GECB) i mBaile Átha Cliath den chéad uair riamh. Tá institiúidí breithiúnacha náisiúnta bhallstáit an Aontais Eorpaigh sa chomhlacht seo, arb é a sprioc tacú le breithiúna náisiúnta i soláthar neamhspleách an cheartais. Chuir an Chomhairle fáilte roimh Chomhairle Chomhairleach na mBreithiúna Eorpacha, comhlacht breithiúnach i gComhairle na hEorpa, go Baile Átha Cliath le haghaidh cruinniú trí lá faoi Uachtaránacht na hÉireann den chomhlacht sin.

Lean an Chomhairle ag plé le cur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach. Díríodh go háirithe ar na moltaí a bhaineann le hoiliúint bhreithiúnach a chur i bhfeidhm. Anuas air sin, chinn an Chomhairle gurbh oiriúnaí di na moltaí sin a bhaineann leis an bhfeidhm folláine agus leasa do bhreithiúna a chur i bhfeidhm. Tógann sé sin ar an obair atá ar bun cheana féin laistigh den Choiste um Thacaíocht agus Leas Breithiúnach.

Ar deireadh, lean an Chomhairle ag díriú in 2024 ar a cuid oibleagáidí rialachais. Chomh maith le cruinnithe a Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus conradh a dhéanamh dá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, dréachtaíodh agus faomhadh líon beartas agus nósanna imeachta maoirseachta. Sáraíodh dúshláin bhunaithe leanúnacha a bhain le párolla agus pinsean, agus tugadh conradh do chonraitheoir seachtrach ina leith.

# An Bord

**Tá 11 bhreitheamh ar Bhord Chomhairle na mBreithiúna agus leagann an tAcht an bunús atá lena gceapachán:**

- Is comhaltaí ex officio iad an Príomh-Bhreitheamh agus Uachtaráin na gCeithre Cúirteanna
- Toghann a gcomhghleacaithe breitheamh amháin as gach ceann de na cúig dhlínse
- Comhthoghtar breitheamh amháin de réir an Achta (ón gCúirt Uachtarach go dtí mí an Mhárta 2024 agus ansin ón gCúirt Achomhairc ar feadh ceithre bliana)

Mairfidh téarma comhaltais gach breithimh thofa agus chomhthofa ar feadh ceithre bliana. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an Bhoird do 2024 leagtha amach ar an leathanach seo a leanas.

## Feidhmeanna an Bhoird

**Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 11 den Acht.**

Comhlíonann an Bord feidhmeanna na Comhairle, seachas glacadh treoirlínte, thar ceann na Comhairle de réir treoracha (más ann dá leithéid) a d'fhéadfadh an Chomhairle a thabhairt don Bhord.

Go ginearálta, measann agus cinneann an Bord beartas maidir le comhlíonadh fheidhmeanna na Comhairle agus déanann maoirsiú ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ag an Rúnaí.

Tá ról tábhachtach reachtúil aige freisin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a leanas:

- dréacht-Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta arna n-ullmhú agus á gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta
- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a d'ullmhaigh an Coiste sin
- dréacht-Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas
- dréachtleasuithe ar na Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú ag an gCoiste sin
- dréacht-Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach, agus
- 3 dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a d'ullmhaigh an Coiste sin

Ní mór go dtabharfaí an Bord le chéile ceithre huaire ar a laghad sa bhliain. Tháinig sé le chéile cúig huaire in 2024. Chuir sé i gcrích in 2024 an próiseas trína gceanglaítear go dtoghtar beirt de chomhaltaí na Comhairle ar an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha. D'fheidhmigh an Bord a chumhachtaí faoin Acht, i mí na Samhna, chun na dréachtleasuithe ar na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a mheas sé a bheith cuí a mhodhnú.

Tharla sé sin i ndiaidh athbhreithniú an Choiste ar na treoirlínte a cuireadh i gcrích i mí an Mhárta 2024.

D'athraigh comhaltas an Bhoird i rith na bliana, le ceapachán an Bhreithimh Caroline Costello ón gCúirt Achomhairc chun teacht i gcomharba ar an mBreitheamh George Birmingham i ndiaidh dó dul ar scor, agus ceapachán an Bhreithimh Marguerite Bolger chun teacht i gcomharba ar an mBreitheamh Michael MacGrath i ndiaidh a cheapacháin ar an gCúirt Achomhairc.

Toghadh an Breitheamh Elizabeth MacGrath mar ionadaí na Cúirt Dúiche ar an mBord ó bunaíodh ar dtús é in 2020 agus arís i mí Feabhra 2024; go brónach, d'éag sí i mí Iúil 2024. Tháinig an Breitheamh Brian O'Shea i gcomharba uirthi.

Cloíonn an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cé go mbíonn tosca eile i bhfeidhm sa chás go bhfuil an Cód sin ag teacht salach ar neamhspleáchas breithiúnach, atá cumhdaithe i mBunreacht na hÉireann. Féadfaidh an Bord roinnt dá fheidhmeanna a tharmligean don Rúnaí, rud a rinne sé.

Faigheann an Bord tuarascálacha rialta ón Rúnaí ar oibríocht Chomhairle na mBreithiúna, cur i bhfeidhm fhorálacha an Achta, cúrsaí caiteachais agus buiséid agus cúrsaí ábhartha eile. Faigheann an Bord tuarascálacha go rialta maidir le cur i bhfeidhm na gcóras bainistíochta riosca.

# Comhaltaí an Bhoird



An Breitheamh
Donal O'Donnell
*An Príomh-Bhreitheamh, an Cathaoirleach*



An Breitheamh
Caroline Costello
*Uachtarán na Cúirte Achomhairc*



An Breitheamh
David Barniville
*Uachtarán na hArd-Chúirte*



An Breitheamh
Patricia Ryan
*Uachtarán na Cúirte Cuarda*



An Breitheamh
Paul Kelly
*Uachtarán na Cúirte Dúiche*



An Breitheamh
Iseult O'Malley
*An Chúirt Uachtarach*



An Breitheamh
Patrick McCarthy
*An Chúirt Achomhairc*



An Breitheamh
Marguerite Bolger
*An Ard-Chúirt*



An Breitheamh
John Aylmer
*An Chúirt Chuarda*



An Breitheamh
Brian O'Shea
*An Chúirt Dúiche*

*Is é* an tUasal Kevin O'Neill *Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna*
*Is í* an tUasal Mary Murphy *rúnaí an Bhoird*
*Bhí folúntas ag deireadh 2024 chun comhalta den Chúirt Achomhairc a chomhthoghadh in 2025.*

# An Coiste um Staidéar Breithiúnach

# An Coiste um Staidéar Breithiúnach



**An Breitheamh Nuala Butler**
*Cathaoirleach an Choiste um Staidéar Breithiúnach*



**An Breitheamh Peter Charleton**
*An Stiúrthóir um Staidéar Breithiúnach*

## Forléargas

Bunaíodh an Coiste um Staidéir Bhreithiúnacha ("an Coiste") i mí Feabhra 2020 faoi Alt 17 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna 2019. Áirítear ar a fheidhmeanna ionduchtú agus foghlaim ghairmiúil leanúnach a sholáthar do bhreithiúna na hÉireann i réimsí ar nós an dlí, eitice agus iompair, chearta an duine agus an chomhionannais, moltóireachta agus teicneolaíocht faisnéise. Tá an Coiste tiomanta do mhuinín an phobail sna breithiúna agus riar an chirt a chothú trí oiliúint oiriúnach, éifeachtach agus thráthúil a sholáthar, mar a leagtar amach i bPlean Oibre 2023–2026. Tá an oiliúint sin fréamhaithe sna croí-luachanna agus prionsabail a leagtar amach sna Treoirlínte do na Breithiúna maidir le hIompar agus Eitic, lena n-áirítear neamhspleáchas, neamhchlaontacht, ionracas, cuibheas, comhionannas, inniúlacht agus dúthracht.

Tá soláthar oiliúna ardchaighdeáin faoi stiúir breithiúna ina phríomhbhéim. Chun a chinntiú gur cuireadh cohórt breithiúna faoi oiliúint mar oiliúnóirí breithiúnacha, mhaoinigh an Coiste 15 bhreitheamh chun freastal ar Institiúid um Oiliúint Bhreithiúnach na hÍsiltíre (SSR) chun uasoiliúint mar oiliúnóirí a fháil, rud a fhágann líon na n-oiliúnóirí breithiúnacha ag 40 anois. Tá bunú agus cothabháil naisc láidre le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta in oideachas agus oiliúint bhreithiúnach ina phríomhchuspóir ag an gCoiste.

## An Stiúrthóir um Staidéar Breithiúnach

Ó ceapadh é i mí na Samhna 2023, d'fhorbair an Breitheamh Peter Charleton, an Stiúrthóir um Staidéar Breithiúnach, líon suntasach seimineár faoin gceartas substainteach a chuir sé i láthair. Thug sé faoi nuashonrú roinnt lámhleabhair bhreithiúnacha/Binseleabhar freisin agus d'fhorbair sé ábhair threorach eile do na breithiúna. Faoin threoir siúd, leathnaíodh an oiliúint moltóireachta a cuireadh ar fáil mar cheardlanna leo go mbeadh seimineáir ar an dlí seanbhunaithe agus breithiúnais shuntasacha chúirte, agus cuireadh clár oideachais agus oiliúna níos cuimsithí ar fáil dá réir

## Comhaltaí

Tharla uainíocht pháirteach na gcomhaltaí in 2024, agus ainmníodh ionadaithe nua ón gCúirt Chuarda agus ón Ard-Chúirt ar an gCoiste. I mí Dheireadh Fómhair, tháinig an Breitheamh Nuala Butler i gcomharba ar an mBreitheamh Aileen Donnelly mar Chathaoirleach an Choiste.

## Comhaltaí an Choiste in 2024

- An Breitheamh Brian Murray
- An Breitheamh Aileen Donnelly (An Cathaoirleach ó Eanáir–Deireadh Fómhair)
- An Breitheamh Nuala Butler (An Cathaoirleach ó Dheireadh Fómhair)
- An Breitheamh Niamh Hyland
- An Breitheamh Liam Kennedy (ó mhí na Nollag)
- An Breitheamh Mary O'Malley Costello (Eanáir–Márta)
- An Breitheamh Geoffrey Shannon (ó mhí an Mhárta)
- An Breitheamh Paul Kelly, Uachtarán na Cúirte Dúiche
- An Breitheamh Marie Quirke
- An Breitheamh Peter Charleton, an Stiúrthóir um Staidéar Breithiúnach (ex officio)



**An tUasal**
**Maria Fitzgerald**
*An Stiúrthóir*
*Comhlach um Staidéar*
*Breithiúnach*

## Soláthar Oideachais agus Oiliúna

### Forléargas ar Shonraí Oiliúna

I gcodarsnacht le 2023, d'fhan an líon breithiúnach sách seasmhach in 2024, ag tosú le 196 i mí Eanáir agus ag críochnú le 195 i mí na Nollag. Bhí an líon sin thuas seal agus thíos seal i rith na bliana, mar gheall go príomha ar dheich gceapachán nua, ocht scor, agus trí ardú go cúirt níos airde a d'imir tionchar beag ar na sonraí. Ar an iomlán, as an 205 breitheamh ar leith a bhí incháilithe le freastal ar oideachas agus oiliúint, d'fhreastail 97% ar imeacht oiliúna. Nuair a chuirtear comhdhálacha agus seisiúin teanga as an áireamh, d'fhreastail 87% de na breithiúna ar chlár oiliúna amháin ar a laghad agus d'fhreastail 66% díobh siúd ar chúig imeacht oiliúna nó níos mó.

D'eagraigh an Coiste 100 imeacht oiliúna, a chuimsigh 52 seimineár oiliúna, cúig chomhdháil agus 43 seisiún teanga. D'áirigh na seimineáir idir oiliúint tosaigh agus fhoghlaim ghairmiúil leanúnach.

Is fiú a thabhairt ar aird go nglacann go leor breithiúna páirt freisin in oiliúint le heagraíochtaí seachtracha; tá an ghníomhaíocht sin lasmuigh de raon na tuarascála seo.

### Suirbhé Oiliúna 2024

Shainaithin an Coiste gur príomhthosaíocht le haghaidh 2024 é cur i bhfeidhm anailíse cuimsithí ar riachtanais oiliúna. Mhol an Grúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach (GOPB) é sin freisin. Seoladh an suirbhé ag an gComhdháil Náisiúnta i mí na Samhna agus bhí ráta freagartha 83% air. Tugann torthaí an tsuirbhé, i dteannta riachtanais oiliúna shainaitheanta agus forbairtí reachtacha eile, idir threo agus treoir d'obair an Choiste amach anseo.

### Oiliúint Tosaigh

Ag tosú i ndeireadh 2020, glacann gach breitheamh nuacheaptha páirt i gClár Ionduchtúcháin struchtúrtha. Leathnaíodh an clár arís in 2024 mar thoradh ar an aiseolas leanúnach agus tá trí chomhpháirt lárnacha i gceist leis anois: Modúil Ionduchtúcháin, Meantóireacht agus Scáthú.

Freastalaíonn breithiúna nuacheaptha ar na Modúil Ionduchtúcháin sula suíonn siad mar bhreitheamh den chéad uair. Áirítear ar na croí-mhodúil:

- Ceartas Nóis Imeachta
- Dinimic an tSeomra Cúirte
- Iompar agus Eitic Bhreithiúnach
- Claontacht Neamh-chomhfhiosach

Soláthraítear na modúil sin ar bhealach tras-dlínsiúil. Soláthraítear modúil bhreise agus tacaíocht phearsanta de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhlínse-shonracha.



Tacaíonn an Clár Meantóireachta, a tugadh isteach in 2021, le breithiúna i rith a gcéad bhliana ceapacháin. Áirítear leis oiliúint shaincheaptha do mheantóirí agus meantaithe, a bhfuil treoirlínte cláir soiléire mar bhonn agus taca fúithi. Cuireadh 42 breitheamh san iomlán faoi oiliúint mar mheantóirí, ag tacú le 44 breitheamh nuacheaptha a chuir tús nó deireadh leis an bpróiseas i rith na tréimhse tuairiscithe.

Leathnaíodh an Clár Scáthaithe, a bhíodh ar fáil do bhreithiúna Cúirte Dúiche, go mall in 2024 chun breithiúna nuacheaptha na Cúirte Cuarda agus na hArd-Chúirte a áireamh. Sainaithníodh i Suirbhé Oiliúna 2024 go raibh tairbhe agus éifeacht faoi leith ag baint leis an tionscnamh sin.

### Oideachas agus Oiliúint Ghairmiúil Leanúnach

Mar a tharla sna blianta roimhe sin, chuir an Coiste cláir éagsúla oideachais agus oiliúna leanúnaí ar fáil do na breithiúna. Áiríodh ar na formáidí léachtaí dhá uair an chloig le seisiúin ceisteanna agus freagraí, ceardlanna idirghníomhacha leath lae inar díríodh ar fhorbairt scileanna, agus comhdhálacha lae inar pléadh go leor topaicí. Baineadh úsáid as modhanna soláthair ar líne, ar an láthair agus cumaisc chun inrochtaineacht a chinntiú agus cur isteach ar ghnó na cúirte a laghdú a oiread agus is féidir.

Nuair ab ábhartha, bhí ionchur sna cláir ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht acadúil agus saineolaithe ábhair eile. Chomhoibrigh breithiúna ón Ríocht Aontaithe, Ceanada agus na Stáit Aontaithe ar roinnt clár freisin.

### Cláir bhliantúla a soláthraíodh in 2024:

- *Atrámú a sheachaint:* Ceardlann do bhreithiúna trialacha coiriúla chun tráma a laghdú d'íospartaigh i gcásanna cionta gnéasacha, le hionchur ó eagraíochtaí ábhartha
- *Smachtú Comhéigneach:* Sholáthair oiliúnóirí breithiúnacha an clár seo le hionchur ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus lucht acadúil, agus cumhdaíodh forálacha dlíthiúla, tionchar síceolaíochta, agus cásdlí
- *Cinnteoireacht Chuidithe:* D'fhiosraigh na seimineáir seo impleachtaí an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, le hionchur ó na breithiúna, an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha
- *Dócmhainneacht Phearsanta:* Oiliúint rialta le haghaidh Breithiúna na Cúirte Cuarda ar reachtaíocht, dúshláin phraiticiúla, agus bainistíocht cásanna
- *Smacht an tSeomra Cúirte*: Seisiún idirghníomhach a raibh d'aidhm leis tacú le breithiúna chun an seomra cúirte a bhainistiú go héifeachtach
- Iompar agus Eitic Bhreithiúnach
- Scríobh Breithiúnas

Faoi cheannaireacht an Bhreithimh Peter Charleton, leathnaíodh na cláir oideachais bhreithiúnaigh chun seimineáir bhreise a áireamh ar cheartas substainteach, ag cur le ceardlanna moltóireachta le seisiúin ar an dlí seanbhunaithe agus cásdlí.

### Dlí Substainteach 2024:

- Athshealbhuithe Morgáiste
- Dlí na hIomaíochta
- Scríobh Breithiúnas
- Ceithre sheimineár ar chinntí suntasacha sa Chúirt Uachtarach

### Na Príomh-Sheimineáir agus Imeachtaí

- *Sraith Dhlí na Fianaise (Márta–Aibreán):* Cúig sheisiún a phléigh pribhléid, fianaise chomhthacaíoch, clostrácht, admhálacha, agus páistí atá ina bhfinnéithe, a soláthraíodh i bhformáid chumaisc
- *An tSraith Ár Sochaí Nua (Aibreán–Bealtaine):* Díríodh ar phobail na hÉireann atá ag éirí níos éagsúla, le cainteoirí ó phobail Cheartchreidmheach na Rúise, Mhoslamacha, Afracacha agus an Lucht Siúil
- *Clár 'Oiliúint don Oiliúnóir' (Bealtaine):* Forbraíodh an clár seo le SSR inar cuireadh 15 bhreitheamh bhreise faoi oiliúint, a thug an líon iomlán oiliúnóirí breithiúnacha go 40
- *Cuairteanna ar Shuíomhanna (Meitheamh–Meán Fómhair):* Eagraíodh cúig chuairt ar an láthair chuig ocht bpríosún agus ionad coinneála ógánach amháin
- *Seimineár faoi Fhoréigean Gnéasach (Meán Fómhair):* Soláthraíodh é do bhreithiúna cúirte coiriúla le hionchur ó lucht acadúil, gairmithe dlí agus na breithiúna; cuntas finné ina measc
- *Comhdháil faoi Ghuth an Pháiste (Samhain):* Fiosraíodh dea-chleachtais chun a chinntiú go gcloistear guthanna páistí sa dlí teaghlaigh, le hionchur ildisciplíneach ó raon gníomhaireachtaí

### Scileanna Teanga

Tacaíonn an Coiste le breithiúna chun inniúlacht teanga a fheabhsú trí:

- *Gaeilge:* Ranganna comhrá lóin gach coicís, cláir oíche, agus tumchúrsa bliantúil Gaeltachta
- *Fraincis:* Tugadh seisiúin sheachtainiúla 30 nóiméad isteach in 2024, agus bíonn an-tóir orthu

### Comhdhálacha Breithiúnacha

Thacaigh an Coiste le cúig chomhdháil bhreithiúnacha in 2024, ar eagraíodh gach ceann díobh go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí dlí agus reachtacha a bhí ag teacht chun cinn. Áiríodh ar na topaicí bannaí, pianbhreitheanna, foréigean teaghlaigh, fianaise DNA, intleacht shaorga, agus treoirlínte maidir le díobhálacha pearsanta. Bhí na hionchuir ildisciplíneacha, ina measc ionchuir ó lucht acadúil, gairmithe leighis, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí stáit, agus breithiúna.

### Comhoibriú Idirnáisiúnta


Tá comhoibriú idirnáisiúnta lárnach fós d'obair an Choiste. I measc na bpríomhpháirtithe in 2024, bhí:

- Coláiste Breithiúnach Shasana agus na Breataine Bige
- Institiúid Bhreithiúnach na hAlban
- An Bord um Staidéar Breithiúnach i dTuaisceart Éireann
- An Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB)
- Acadamh an Dlí Eorpaigh (ERA)

Chuir breithiúna Éireannacha le breis agus 20 imeacht idirnáisiúnta ar ghlac siad páirt iontu, ina measc comhdhálacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta le haghaidh Oiliúint Bhreithiúnach (IOJT), GEOB, agus cláir ERA. Chuir siad páipéir agus oiliúint ar fáil freisin, a léiríonn rannpháirtíocht leanúnach na hÉireann i gcomhar breithiúnach domhanda.

## Ag Breathnú ar Aghaidh go 2025

Tá an Coiste um Staidéar Breithiúnach fós tiomanta d'oideachas agus oiliúint bhreithiúnach ardchaighdeáin a sholáthar. Faoi threoir an Bhreithimh Peter Charleton, an Stiúrthóir um Staidéar Breithiúnach, agus an Bhreithimh Nuala Butler, Cathaoirleach an Choiste, forbrófar éachtaí reatha in 2025 fad a dtugtar cuir chuige nuálacha isteach. Le cur i bhfeidhm leantach Phlean Oibre 2023–2026 agus léargais ó Shuirbhé Oiliúna 2024, déanfaidh an Coiste a thairiscintí a chur in oiriúint agus a bhreisiú chun riachtanais athraitheacha na mbreithiúna a chomhlíonadh.



# An Coiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta

# An Coiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta

**Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta in Alt 18(2) den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019. Is iad sin iad seo a leanas a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord na Comhairle le go n-athbhreithneoidh sé iad:**

**(a) dréacht-treoirlínte maidir le díobhálacha pearsanta de réir Alt 90, agus**
**(b) dréachtleasuithe ar na treoirlínte maidir le díobhálacha pearsanta de réir an ailt sin**

Ba é ceanglas reachtúil tosaigh an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta ná Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta a dhréachtú lena gcur faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna, mar a phléitear in (a) thuas. Chuir an Coiste na dréacht-Treoirlínte maidir le Dhíobhálacha Pearsanta faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna ar an 9 Nollaig 2020 de bhun Alt 18(4) arna leasú, agus thug siad a chuid oibre ar an gcéad cheanglas sin chun críche. Nuair a ghlac Comhairle na mBreithiúna na treoirlínte sin i mí an Mhárta 2021, tugadh an chéad chéim den phróiseas chun críche.

Dá bhrí sin, níor ceanglaíodh ar an gCoiste, ar a raibh seachtar breithiúna, aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh go dtí go ndéanfaí athbhreithniú ar na Treoirlínte sin laistigh de thrí bliana ó ghlac an Chomhairle iad.

## Tuarascáil an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta in 2024

Ceanglaítear ar an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta de bhun Alt 18(11) den Acht um Chomhairle na mBreithiúna tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid Chomhairle na mBreithiúna lena chur san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Seo í an tuarascáil a ullmhaíodh d'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

Mar atá thuasluaite, ceanglaítear ar an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte ó am go chéile de réir Alt 18(5) den Acht. Ceanglaítear ar an gCoiste chun críche an athbhreithnithe sin faoi



**An Breitheamh Elizabeth Dunne**
*Cathaoirleach an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta*

Alt 90 den Acht aird a thabhairt ar na tosca céanna agus na Treoirlínte á n-ullmhú, lena n-áirítear:

- leibhéal na ndamáistí a dhámhfadh cúirteanna in Éirinn ar dhíobhálacha pearsanta agus cibé áit lasmuigh d'Éirinn a mheasann an Coiste a bheith ábhartha
- prionsabail chun damáistí i leith díobhálacha pearsanta arna gcinneadh ag an Ard-Chúirt, ag an gCúirt Achomhairc agus ag an gCúirt Uachtarach a mheas agus a dhámhachtain
- treoirlínte a bhaineann le rangú díobhálacha pearsanta
- an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i leibhéal na ndamáistí a dhámhtar ar dhíobhálacha pearsanta

Chuir an Coiste tús leis an gcéad athbhreithniú ar na Treoirlínte go mall in 2022, ag bualadh le chéile i gcaitheamh 2023 agus uair amháin in 2024. Ar an 5 Márta 2024, chuir sé a athbhreithniú i gcrích agus chuir sé an toradh faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna. Bhí moltaí faoi leasuithe ar na Treoirlínte mar chuid den athbhreithniú sin. Foilsíodh toradh an athbhreithnithe (faoi réir roinnt modhnuithe a rinne an Bord ina dhiaidh sin) i mí na Nollag 2024.

Ceanglaítear an chéad athbhreithniú eile a chur i gcrích faoi cheann trí bliana den 5 Márta 2024.

## Seo a leanas ballraíocht an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta:

- An Breitheamh Elizabeth Dunne, an Cathaoirleach
- An Breitheamh Seamus Noonan
- An Breitheamh Paul Coffey
- An Breitheamh Michael MacGrath*

- An Breitheamh Emily Egan*
- An Breitheamh Sarah Berkeley
- An Breitheamh James McCourt
- An Breitheamh Brian O'Shea

*Tháinig deireadh le téarma an Bhreithimh MacGrath ar an 14 Meitheamh 2024 nuair a ceapadh é ar an gCúirt Achomhairc. Tháinig an Breitheamh Egan i gcomharba air ar an gCoiste le héifeacht ón 15 Meitheamh 2024.



# An Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas

# An Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas



**An Breitheamh Iseult O'Malley**
*Cathaoirleach an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas*

## An Réamhrá

Bhunaigh Comhairle na mBreithiúna an Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas ar an 30 Meitheamh 2020. Tá 13 chomhalta san iomlán ar an gCoiste, ó dhá chatagóir; ochtar breithiúna arna n-ainmniú ag an bPríomh-Bhreitheamh atá ionadaitheach do gach dlínse agus cúigear comhaltaí tuata arna gceapadh ag an Rialtas agus a fhónann uile ar feadh téarma ceithre bliana. Tá na sonraí ar fad maidir le ballraíocht an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas leagtha amach ar leathanach 26.

Is iad feidhmeanna an Choiste de bhun Alt 23 den Acht ná:

- dréacht-Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord na Comhairle le go n-athbhreithneoidh sé iad
- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird le go n-athbhreithneoidh sé iad
- monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na dTreoirlínte maidir le Pianbhreithe
- eolas faoi phianbhreitheanna arna bhforchur ag na cúirteanna a thiomsú ar cibé modh is cuí leis
- an t-eolas sin a scaipeadh ó am go chéile ar bhreithiúna agus ar dhaoine nach breithiúna iad

A luaithe a ghlacann Comhairle na mBreithiúna treoirlínte maidir le pianbhreitheanna, ní mór do chúirt aird a thabhairt ar aon treoirlínte ábhartha agus pianbhreith á gearradh aici ach amháin sa chás go meastar go mbeadh sé malartach do leasanna an chirt. I gcás den sórt sin, caithfidh an chúirt a cúiseanna a thabhairt.

Is leathan an réimse tosca a chaithfidh an Coiste a mheas, ina measc:

- pianbhreitheanna a ghearrann na cúirteanna faoi láthair
- an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i bpianbhreitheanna
- tionchar chinntí na gcúirteanna a bhaineann le pianbhreitheanna ar íospartaigh na gcionta lena mbaineann
- an gá le muinín an phobail sa chóras dlí coiriúil a chur chun cinn
- na costais airgeadais a bhaineann le cineálacha éagsúla pianbhreithe a fhorghníomhú agus a n-éifeachtacht choibhneasta maidir le hathchiontú a chosc

Tá spéis agus saineolas faoi leith ag na breithiúna a ainmníodh ar an gCoiste maidir le pianbhreitheanna a ghearradh. Cuireann cúigear comhaltaí tuata lena saineolas, agus athcheapadh gach ceann díobh ar feadh ceithre bliana eile. Agus duine á cheapadh le bheith mar chomhalta den Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, caithfidh an Rialtas a bheith sásta go bhfuil taithí agus eolas i measc na gcomhaltaí maidir le:

- ionchúiseamh imeachtaí coiriúla
- cosaint imeachtaí coiriúla
- póilíneacht
- riar an chirt
- beartas maidir le pianbhreitheanna

## Tuarascáil an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas in 2024

Tá sé de dhualgas ar an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas de bhun Alt 23(8) an Tuarascáil sin ar a ghníomhaíochtaí a chur isteach go bliantúil lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle na mBreithiúna. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2024. Anuas air sin, bunaíodh roinnt fochoistí agus tháinig siad le


chéile chun topaicí sonracha pianbhreitheanna a mheas.

Ba phríomhthosaíocht don Choiste in 2024 dul chun cinn a dhéanamh ar obair ar a chéad dréacht-Treoirlíne a dhírítear ar fheidhmiú Alt 40 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018. Mar chuid den phróiseas sin, d'fhoilsigh an Coiste taighde a choimisiúnaigh sé ón Ollamh Niamh Maguire ó Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt inar chuir sí breithiúna Cúirte Dúiche faoi agallamh maidir le pianbhreitheanna a ghearradh i gcásanna a bhaineann le foréigean i gcaidrimh. Leagtar amach raon ciontaí in Alt 40 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018, ina measc ciontaí gnéasacha, ciontaí lena mbaineann foréigean, chomh maith le cúrsaí eile, nuair a chaithfear caitheamh leis an bhfíric go bhfuil nó go raibh an t-íospartach agus an ciontóir pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó i ndlúthchaidreamh mar thoisc ghéaraitheach.

D'oibrigh an Coiste i rith na bliana ar liosta príomhpháirtithe leasmhara a chur i dtoll a chéile, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí poiblí le haghaidh comhairliúchán spriocdhírithe. Sular chuir sé a dhréacht-Treoirlíne i gcrích, choimisiúnaigh an Coiste léirbhreithniú ar an litríocht ó thaighdeoirí éagsúla. Chuir sé páipéar i gcrích freisin ina bhféachtar le smachtbhannaí pobail agus ceisteanna lena mbaineann a phlé a mhéid a úsáideann an Chúirt Dúiche iad, agus go sonrach meastar cur i bhfeidhm smachtbhannaí pobalbhunaithe i gcás ciontaí faoin reachtaíocht um Fhoréigean Baile. Foilsíodh é sin i mí na Nollag 2024.

D'óstáil an Coiste Comhdháil Pianbhreitheanna ar éirigh go maith léi i mí na Samhna 2024 inar cuireadh fáilte roimh Chomhairlí Pianbhreithe Thuaisceart Éireann, Shasana agus na Breataine Bige agus na hAlban go Baile Átha Cliath. Chuala an chomhdháil faoi nuashonruithe agus forbairtí le deireanaí ó gach dlínse. Is deis luachmhar é an t-imeacht débhliantúil seo le haghaidh breithiúna agus oifigeach chun eispéiris a roinnt, agus tá luach faoi leith ag baint leis d'Éirinn, mar cheann de na comhlachtaí is nuabhunaithe a bhíonn ag plé le treoirlínte maidir le pianbhreitheanna. Comhpháirt nuálach den chomhdháil ab ea an plé éascaithe le tuairisceoirí cúirte ar dhearcthaí an phobail i leith pianbhreitheanna cúirte a fhógraíonn breithiúna agus na dúshláin a bhíonn le sárú ag iriseoirí agus iad ag tuairisciú faoi phianbhreitheanna sna cúirteanna.

Ag breathnú ar aghaidh go 2025, shainaithin an Coiste forbairt dréacht-treoirlíne maidir le ciontaí tiomána marfacha mar a chéad tosaíocht eile.



Is réimse é seo lena mbaineann dúshlán faoi leith i bpianbhreitheanna a ghearradh ar leibhéal na Cúirte Cuarda toisc nach féidir na ciontaí a chur i gcomparáid go héasca i gcónaí le ciontaí eile a bhíonn os comhair na cúirte sin go hiondúil agus is réimse é ina bhfuil na sonraí atá ar fáil an-teoranta. Chuir breithiúna na Cúirte Cuarda tús le beart bailithe sonraí píolótach chun cabhrú leis an gCoiste faisnéis a bhailiú i leith na gcúiseanna a bhíonn le pianbhreitheanna sa réimse seo. Cuirfear tús freisin in 2025 le taighde ar phianbhreitheanna sa Phríomh-Chúirt Choiriúil lena mbaineann cásanna ciontaí gnéasacha agus dúnorgain. Tá an Coiste ag lorg foinsí eile sonraí freisin agus á sainaithint, toisc go bhfuil a n-easnamh ar cheann de na dúshláin is mó faoi láthair chun treoirlínte a fhorbairt.

Beartaítear in 2025 féachaint le hAonad Taighde a bhunú mar a mhol Ollscoil Strathclyde mar chuid dá taighde do Chomhairle na mBreithiúna. I rith 2024, ghlac comhaltaí Coiste páirt i gcuairteanna ar phríosún a eagraíodh i gcomhar leis an gCoiste um Staidéar Breithiúnach.

**Ba iad comhaltaí an Choiste ag deireadh 2024:**

- An Breitheamh Iseult O'Malley, an Cathaoirleach
- An Breitheamh John Edwards
- An Breitheamh Tony Hunt
- An Breitheamh Paul Burns
- An Breitheamh Francis Comerford
- An Breitheamh Kenneth Connolly
- An Breitheamh Grainne Malone
- An Breitheamh Paula Murphy
- An tUasal Vivian Geiran
- An Dochtúir Diarmuid Griffin
- An tUasal Marianne O'Kane
- An tUasal Michael O'Sullivan
- An Dochtúir Sinéad Ring

Tháinig deireadh le comhaltas an Bhreithimh Keenan Johnson ar an 5 Meitheamh 2024

Tháinig deireadh le comhaltas an Bhreithimh John King ar an 19 Iúil 2024



# Na Coistí um Thacaíocht Bhreithiúnach

# Na Coistí um Thacaíocht Bhreithiúnach



**An Breitheamh Aileen Donnelly**
*Cathaoirleach an Choiste um Thacaíocht & Leas Breithiúnach*

## Tacaíocht agus Leas

Forálann an tAcht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019 do bhunú cúig Choiste reachtúla um Thacaíocht Breithiúnacha, ceann amháin do gach dlínse. Anuas air sin, foráiltear san Acht do bhunú coistí eile chun cabhrú le cuspóirí na Comhairle a bhaint amach.

## Na Coistí um Thacaíocht Bhreithiúnach

Deirtear in Alt 30 (3) den Acht gurb é feidhm Coiste um Thacaíocht Bhreithiúnach ná comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo sa mhéid go mbíonn baint ag cúrsaí atá ábhartha don Chúirt agus a bhfuil baint ag an gCoiste leis na cúrsaí sin.

Dáta bunaithe na gcúig choiste: an 31 Márta 2020.

Ar gach ceann de na coistí dlínsiúla tá (i) an tUachtarán dlínse agus (ii) an comhalta/na comhaltaí tofa ón dlínse sin. De bhreis ar thoghcháin a bhí ar siúl, tá na breithiúna seo a leanas ina gcomhaltaí dá gcúirteanna faoi seach ar an 31 Nollaig 2024:

(i) **An Chúirt Uachtarach**
An Breitheamh Elizabeth Dunne

(ii) **An Chúirt Achomhairc**
An Breitheamh Charles Meenan

(iii) **An Ard-Chúirt**
An Breitheamh Leonie Reynolds agus an Breitheamh Rory Mulcahy

(iv) **An Chúirt Chuarda**
An Breitheamh Eoin Garavan

(v) **An Chúirt Dúiche**
An Breitheamh Marie Keane

## An Coiste um Leas agus Tacaíocht Bhreithiúnach – a bunaíodh de bhun Alt 7(3)(a)

Bunaíodh Comhairle na mBreithiúna an Coiste um Leas agus Tacaíocht Bhreithiúnach in 2020 chun cabhrú agus tacú le breithiúna a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Is iad a Théarmaí Tagartha, mar a glacadh ag an gcéad chruinniú de Chomhairle na mBreithiúna ar an 7 Feabhra 2020, ná cúnamh agus comhairle a thabhairt do Chomhairle na mBreithiúna agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna mar a leagtar amach in Alt 7(2)(l) den Acht chun cabhrú le tacaíocht a sholáthar do bhreithiúna i gcoitinne.

Anuas air sin, i ndiaidh na moltaí ón nGrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach (GOPB), a tuairiscíodh in 2023, chinn Bord Chomhairle na mBreithiúna gurb oiriúnaí na moltaí maidir le leas agus folláine a bhaint amach laistigh de Chomhairle na mBreithiúna. Cuireadh de chúram ar an gCoiste um Leas agus Tacaíocht Bhreithiúnach na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

Tá breitheamh amháin ó gach dlínse cúirte ar an gCoiste. Ag deireadh 2024, is iad seo a leanas an cúigear breithiúna a d'ainmnigh an Príomh-Bhreitheamh:

1. **An Chúirt Uachtarach**
   An Breitheamh Aileen Donnelly, an Cathaoirleach
2. **An Chúirt Achomhairc**
   An Breitheamh Isobel Kennedy
3. **An Ard-Chúirt**
   An Breitheamh Siobhán Phelan
4. **An Chúirt Chuarda**
   An Breitheamh Elma Sheahan
5. **An Chúirt Dúiche**
   An Breitheamh John Brennan

Is é an téarma oifige do chomhaltaí an Choiste um Thacaíocht agus Leas ná ceithre bliana.

Sular ceapadh an cathaoirleach reatha, bhí róil an Bhreithimh Marie Baker agus an Bhreithimh Caroline Costello riachtanach chun bunús na feidhme seo a fhorbairt.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith 2024. D'fhiosraigh agus shainaithin sé roghanna éagsúla chun tacú le leas agus folláine bhreithiúnach, chomh maith leis an modh soláthair. Bhí sé i bhfabhar struchtúr leasa foirmiúil a bhunú laistigh de chomhthéacs níos leithne na moltaí a rinne GOPB.

Iarradh tuairimí na mbreithiúna maidir le riachtanais agus soláthar seirbhísí tacaíochta. Aimsíodh sraith seirbhísí tacaíochta agus folláine ar líne agus cuireadh ar fáil iad do na breithiúna ar fad i mí na Nollag 2024. Beartaítear seimineáir cur i láthair ar an úsáid is fearr a bhaint as na seirbhísí tacaíochta agus folláine ar líne go luath i mí Eanáir 2025.

Beartaíonn an Coiste straitéis a fhorbairt le haghaidh folláine bhreithiúnach in 2025. Tá sé i gceist go mbeidh príomhchuspóirí a ghlacadh, duine ar dhuine agus mar chomhlacht, ina phríomhghné de chruinniú Chomhairle na mBreithiúna i mí Eanáir 2025, a bhfuil gach breitheamh in Éirinn le freastal air. Áirítear air sin folláine bhreithiúnach a chur chun cinn trí fheasacht a ardú ar thacaíochtaí agus rochtain orthu a sholáthar, cúnamh inrochtana agus trédhearcach agus conairí idirghabhála a fhorbairt le haghaidh breithiúna, agus freagairt do riachtanais oiliúna agus forbartha ceirde.



# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste um Iompar Breithiúnach in 2024

**Ullmhaítear an Tuarascáil Bhliantúil seo ón gCoiste um Iompar Breithiúnach de bhun Alt 87 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019, trína gceanglaítear ar an gCoiste tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Chomhairle na mBreithiúna gach bliain. Cuirfidh an tAire faoi deara, de bhun Alt 87(3), cóipeanna den Tuarascáil seo a leagan faoi bhráid gach cinn de Thithe an Oireachtais.**

## Cúlra

Bunaíodh an Coiste um Iompar Breithiúnach ("an Coiste") ar an 30 Meitheamh 2020 agus tháinig sé le chéile den chéad uair i mí Iúil 2020. Tá an Coiste neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Is é a phríomhfheidhm caighdeáin arda iompair i measc breithiúna a chur chun cinn agus a choinneáil, ag féachaint do phrionsabail an iompair bhreithiúnaigh a éilíonn ar bhreithiúna neamhspleáchas breithiúnach, neamhchlaontacht, ionracas, cuibheas (lena n-áirítear cuma an chuibhis), inniúlacht agus dúthracht a sheasamh agus a léiriú agus a chinntiú go gcaitear go comhionann le gach duine os comhair na gcúirteanna. Ceanglaítear air:

- dréacht-treoirlínte a bhaineann le hiompar breithiúnach agus le heitic a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna lena n-athbhreithniú, lena n-áirítear treoir maidir le cén uair ar cheart do bhreitheamh smaoineamh ar é nó í féin a scaoileadh óna bheith i gceannas ar imeacht dlí, lena nglacadh ag an gComhairle
- gearáin inghlactha a mheas agus iad a tharchur lena réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó tabhairt faoi imscrúduithe ar iompar breithiúna aonair de réir Chuid 5 den Acht
- cibé beart a ghlacadh, más ann dó, de réir na Coda sin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach chun riar an chirt a chosaint, cibé acu mar thoradh ar mheas ar ghearán agus a tharchur le réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú a dhéanamh de réir Chuid 5 nó eile



- treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú lena ndéantar foráil maidir le gearáin a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil a chinnfear a bheith inghlactha faoin gCuid seo

D'fhéadfadh sé freisin,

- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a n-athbhreithnithe, dá thoil féin nó ar iarratas ón mBord nó ón gComhairle
- cibé comhairle agus moltaí a sholáthar do bhreitheamh aonair nó do bhreithiúna go ginearálta ar iompar breithiúnach agus ar eitic mar is cuí leis

## Ról an Choiste maidir le hiompar breithiúnach

Measann an Coiste gearáin a líomhnaíonn mí-iompar breithiúnach tar éis don Chláraitheoir a mheas go bhfuil gearán inghlactha agus a tharchuirtear é chuig an gCoiste um Iompar Breithiúnach nó chuig an gCoiste um Athbhreithniú ar Ghearáin. Ní mór gearáin a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó dháta an iompair a ndéantar gearán ina leith, cé go bhfuil cumhacht ag an gCoiste síneadh a chur leis an tréimhse sin i gcúinsí áirithe. Ar ghearán a fháil ó tharchur, féadfaidh an Coiste, a mheas cé acu atá an gearán oiriúnach lena réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil. Ní thagann sé sin chun cinn ach amháin sa chás go dtoilíonn an gearánach agus an breitheamh leis an bpróiseas sin. Faoi mar a thugann an t-ainm le tuiscint, baineann sé le próiseas chun a fháil amach an féidir an cheist a réiteach gan an próiseas reachtúil foirmiúil a leanúint chun imscrúdú a dhéanamh. Mura bhfuil sé oiriúnach gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil tionólfaidh an coiste painéal fiosrúcháin chun imscrúdú a dhéanamh.

Ar an bpainéal sin beidh breitheamh ón gcúirt chéanna leis an mbreitheamh faoina ndearnadh gearán, breitheamh ó dhlínse eile agus comhalta tuata arna cheapadh ag an Rialtas chuig painéil fhiosrúcháin.

Féadfaidh an Coiste freisin, cheal gearáin faoi iompar breithimh, agus i gcás ina measann sé gur gá riar an chirt a chosaint, ábhar a tharchur lena imscrúdú ag painéal. Tá cumhachtaí éagsúla ag an bpainéal fiosrúcháin faoin Acht agus faoi na nósanna imeachta atá forbartha ag an gCoiste. Áirítear leis na cumhachtaí sin an rogha éisteacht a sheoladh i ndáil leis an ábhar.

Tá roinnt roghanna ar fáil don phainéal le linn an imscrúdaithe ach ar deireadh thiar ullmhóidh an painéal tuarascáil don Choiste mar thoradh air. D'fhéadfaí go n-áireofaí sa tuarascáil sin nithe ar nós thorthaí an phainéil, aon bheart a mholtar ba cheart a chur i bhfeidhm, agus cé acu atá ábhar imní maidir le sláinte an bhreithimh tagtha chun solais. I gcás iomardú is féidir le painéal a mholadh go dtabharfaí comhairle don bhreitheamh, cúrsa sonrach gníomhaíochta nó rabhadh, chomh maith le haon ábhar breise chun riar an chirt a chosaint.

Tar éis don Choiste tuarascáil painéil a mheas, tá cumhachtaí breise aige trína bhféadfaí an gearán a tharchur ar ais chuig an bpainéal nó cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an raibh bunús leis an ngearán nó nach raibh. Féadfaidh sé a chinneadh nach gá aon bheart a dhéanamh, moladh an phainéil a ghlacadh nó an t-ábhar a tharchur chuig an Aire Dlí agus Cirt chun críche Airteagal 35.4 den Bhunreacht.

I gcás ina gceanglaítear ar an mbreitheamh cúrsa gníomhaíochta arna chinneadh ag an gCoiste a leanúint, déanfaidh an Coiste monatóireacht ar chomhlíonadh. Mura gcomhlíonfaidh an breitheamh é sin féadfar an cás a chur faoi bhráid an Aire freisin.

## Comhaltaí

Tá 13 chomhalta ar an gCoiste:

- An Príomh-Bhreitheamh agus ceathrar Uachtarán Cúirte atá ina gcomhaltaí ex officio
- Triúr breitheamh arna dtoghadh ag na breithiúna as ballraíocht na Comhairle
- Cúigear comhaltaí tuata arna n-ainmniú ag an Rialtas

Tréimhse ceithre bliana a mhaireann téarma gach comhalta thofa agus thuata. Is é an Rialtas a cheapann na comhaltaí tuata tar éis moltaí a bheith déanta ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Agus duine á cheapadh le bheith ina chomhalta tuata den Choiste um Iompar Breithiúnach,



foráiltear leis an Acht go bhfuil sé inmhianaithe go mbeadh taithí agus eolas i measc na gcomhaltaí ar na nithe seo a leanas:

- caighdeáin a choinneáil i ngairmeacha arna rialáil ag foras reachtúil nó foras eile
- déileáil le gearáin a dhéantar i gcoinne gairmithe den sórt sin
- idirghabháil nó sásraí malartacha eile chun díospóidí a réiteach
- riar an chirt
- bainistíocht agus soláthar seirbhísí don phobal

Foráiltear san Acht freisin go bhféadfaidh an Coiste um Iompar Breithiúnach painéal fiosrúcháin a cheapadh chun gearán a fhiosrú, más gá, ar a mbeidh triúr comhaltaí, is é sin beirt bhreithiúna agus comhalta tuata amháin. Tagann an comhalta tuata sin ó liosta ainmnithe daoine a ainmníonn an Rialtas tar éis moltaí a bheith déanta ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste amhail an 31 Nollaig 2024:

- An Breitheamh Donal O'Donnell, an Cathaoirleach
- An Breitheamh Caroline Costello
- An Breitheamh David Barniville
- An Breitheamh Patricia Ryan
- An Breitheamh Paul Kelly
- An Breitheamh Charles Meenan
- An Breitheamh Karen Fergus
- An Breitheamh James Faughnan
- An tOllamh Claire Archbold
- An tOllamh Maeve Conrick
- An tOllamh Bernard McCartan
- Dhá Fholúntas do Chomhaltaí Tuata

Ceapadh roinnt comhaltaí den Choiste ar an gCoiste um Athbhreithniú ar Ghearáin i rith 2024. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin ar an 31 Nollaig 2024:

- An Breitheamh Charles Meenan
- An Breitheamh James Faughnan
- An tOllamh Bernard McCartan

Is é an tUasal Kevin O'Neill Cláraitheoir an Choiste um Iompar Breithiúnach.

# Tuarascáil an Choiste um Iompar Breithiúnach in 2024

**Is é an príomhléargas ón mbliain go leanann gearánaigh ag déanamh gearán toisc go bhfuil siad den tuairim mhícheart gur féidir toradh a gcáis cúirte a athrú ar an mbealach sin. Anuas air sin, sa chás go gcuireann gearán amhras in iúl faoi iompar breithimh, ba é an t-eispéireas nár éirigh leis na cúrsaí a ndearnadh gearán fúthu an tairseach lena meas mar mhí-iompar breithiúnach a bhaint amach ar chor ar bith.**

Bhí an t-eispéireas in 2024, an dara bliain iomlán den phróiseas gearán faoin Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019, cosúil le 2023 ar go leor bealaí. Ba dhlíthithe arís a rinne tromlach mór na ngearán a rinneadh i rith na tréimhse, dlíthithe a ndearna gach duine díobh beagnach ionadaíocht orthu féin in imeachtaí cúirte. Ní féidir a shainaithint i gcónaí cé na gearáin a rinne páirtithe gan ionadaíocht, ach tá sé coimeádach a rá go dtagann os cionn 90% de na gearáin ó dhaoine sa chatagóir sin.

Tá sé an-tábhachtach arís a mheabhrú nach féidir le gearán do Chomhairle na mBreithiúna toradh cáis cúirte a athrú. Ní cúirt í Comhairle na mBreithiúna. Níl aon chumhacht aici chun cinneadh breithiúnach a chur ar ceal ná a athbhreithniú, beag beann ar an mbunús don chinneadh sin. Is feidhm é sin a choimeádtar do na cúirteanna. Ar an drochuair, cinneadh go raibh 167 gearán (70% den líon a fuarthas) do-ghlactha i leith cinntí a rinneadh i gcásanna ina raibh an gearánach míshásta.

Bunaithe ar an taithí ó 2023, thug an Coiste um Iompar Breithiúnach faoi athbhreithniú in 2024 ar na nósanna imeachta gearán de bhun Alt 52 d'Acht 2019. D'athbhreithnigh sé an fhoirm ghearáin freisin a chuirtear ar fáil do na nósanna imeachta sin. Tá ráiteas soiléir ar an bhfoirm agus ag tús na faisnéise a ghabhann léi, ag tabhairt ar aird d'aon ghearánach, go bhfuil sé tábhachtach a thuiscint nach n-athróidh gearán a chuirtear faoi bhráid an Choiste faoi iompar breithimh toradh aon cháis cúirte, agus nach bhfuil sé de chumhacht ag an gCoiste cinneadh breithimh a rinneadh i rith cáis nó ag a dheireadh a chur ar ceal ná a athbhreithniú.

Breithníodh freisin gur léir gur eascair go leor gearán as míthuiscint ar chinneadh cúirte, nó easpa eolais nó cur amach ar an gcóras córais nó easpa tuisceana ar ról an bhreithimh i gcás. Chomh maith leis sin, rinne roinnt dlíthithe a raibh díomá orthu gearán gur mheas siad go raibh an breitheamh i bhfabhar an taoibh eile. Sa chás gur bhain gearán le hiompar breithimh i gcúirt, measadh an t-iompar a líomhnaíodh i gcomhthéacs na gceanglas inghlacthachta faoi Alt 53 d'Acht 2019 (agus lena n-áirítear Taifeadadh Digiteach Fuaime nuair is gá). I gcás na ngearán a rinneadh i rith 2024, i ndiaidh an bhreithnithe sin, níor shainaithin an Cláraitheoir ná an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin aon ghearán a nocht cás inluaite de mhí-iompar breithiúnach.

Gné a tharla arís in 2024 ná an gearánach céanna ag déanamh go leor gearán. Rinne beirt ghearánach 43 gearán san iomlán eatarthu in 2024. Lean roinnt gearánach ar aghaidh ag déanamh gearáin inghlacthachta faoin mbreitheamh céanna. Tríd is tríd, ba é sin an chúis leis an méadú ar ghearáin a rinneadh i gcomparáid le 2023.

Tá na tuairiscí gearra sin beartaithe le roinnt léargais a thabhairt, agus an chúis, ar an gcion mór gearán a measadh a bheith do-ghlactha. Cé go dtugtar na cúiseanna inar cinneadh go raibh gearán do-ghlactha i ngach cinntiúchán ón gCláraitheoir, agus ón gCoiste um Athbhreithniú ar Ghearáin, ní bhíonn rochtain ar na cinntiúcháin sin ach ag an ngearánach féin agus an breitheamh faoina ndearnadh gearán.

Leanadh le ról maoirseachta an Choiste féin faoi Chuid 5 den Acht, a d'áirigh an t-athbhreithniú ar nós imeachta agus próiseas dá dtagraítear. Measadh in 2024 an bhféadfaí gearán amháin a cinneadh a bheith inghlactha in 2023 a réiteach ar mhodhanna neamhfhoirmiúla. Cheap an Coiste painéal fiosrúcháin chun an gearán sin a fhiosrú, cláraitheoir a cheapadh ar an bpainéal ina measc. Bhí an fiosrúchán sin fós ar bun ag deireadh 2024. Toghadh beirt chomhaltaí bhreithiúnacha nua ar an gCoiste i mí Iúil 2024.

D'ullmhaigh an Coiste an fhaisnéis a leanas chun an líon gearán a ndeachthas i ngleic leo agus na torthaí a léiriú.

## Achoimre ar na gearáin a rinneadh, agus cinntiúcháin a eisíodh in 2024

### An Cláraitheoir

Bhí 296 gearán le meas in 2024.

- Bhí 23 gearán fós le meas ó 2023
- Fuarthas 283 gearán nua i rith 2024.
  Níor tháinig deich gcinn den líon sin faoi raon feidhme Chuid 5 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019. Ní raibh aon údarás ag an gCláraitheoir na deich ní sin a mheas agus ní raibh siad in ann dul ar aghaidh le cinneadh i ndáil le hinghlacthacht.
  Fuarthas 273 gearán dá bhrí sin faoin Acht.

Ba mhéadú 26% é sin ar an bhfigiúir comhfhreagrach in 2023, is é sin 216 gearán nua.

As an 296 gearán a bhí le meas ag an gCláraitheoir in 2024

- Cinneadh nach raibh 237 gearán inghlactha
- Níor cinneadh go raibh aon ghearán inghlactha
- Críochnaíodh 27 gearán mar nach raibh an tAcht i bhfeidhm níos mó
- 3Tarraingíodh dhá ghearán siar
- Bhí 30 gearán fós le meas ar an 31 Nollaig 2024 (fuarthas iad i mí na Samhna agus mí na Nollag)

Rinneadh gearán faoi 111 breitheamh ar leith in 2024.

### An Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin

- Bhí 14 athbhreithniú ar láimh ag deireadh 2023
- Fuarthas 51 iarratas chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntiúchán an Chláraitheora in 2024. Laghdú 23% é sin ar an líon a fuarthas in 2023
- Bhí 7 n-athbhreithniú ar láimh ag deireadh 2024
- Rinneadh 58 cinntiúchán in 2024

### Painéil Fiosrúcháin

- Bunaíodh painéal fiosrúcháin amháin in 2024 chun gearán a glacadh in 2023 a fhiosrú. Bhí an fiosrúchán sin fós ar bun faoin 31 Nollaig 2024.

### Miondealú na ngearánach

- Rinne 136 gearánach gearán amháin
- Rinne 17 ngearánach 2 ghearán an duine
- Rinne 17 ngearánach 3 ghearán an duine
- Rinne 1 ghearánach amháin 4 ghearán
- Rinne 1 ghearánach amháin 6 ghearán
- Rinne 1 ghearánach amháin 9 ngearán
- Rinne 1 ghearánach amháin 15 ghearán
- Rinne 1 ghearánach amháin 28 gearán

## Sonraítear an fhaisnéis a leanas a fhoilsiú de bhun Alt 87(4)

| 2024 | | 2023 |
|---|---|---|
| **273** | (a) líon na ngearán a fuarthas, | **216** |
| **0** | (b) líon na ngearán a chinn an Cláraitheoir a bheith inghlactha | **1** |
| **58** | (c) líon na ngearán a mheas an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin agus | **62** |
| **0** | líon na ngearán a chinn an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin a bheith inghlactha, | **0** |
| **0** | (d) líon na ngearán a réitíodh ar bhealach neamhfhoirmiúil de réir Chaibidil 4, | **0** |
| **0** | (e) líon na n-imscrúduithe a tionscnaíodh de bhun tarchuir faoi Alt 59, | **0** |
| **1** | (f) líon na n-imscrúduithe a rinne painéal fiosrúcháin faoin gCuid seo ar ghearáin nó a lean tarchur faoi alt 59, | **0** |
| **0** | (g) líon na ngearán a mheas an Coiste um Iompar Breithiúnach nár cruthaíodh, | **0** |
| **0** | (h) líon na gcinntí a rinne an Coiste um Iompar Breithiúnach faoi Alt 71 (5) nó 79, | **0** |
| **0** | (i) líon na mbreithiúna a thoiligh le hiomarduithe a eisiúint dóibh de réir Alt 58 nó 73, agus | **0** |
| **2** | (j) líon na ngearán a aistarraingíodh sna cúinsí dá dtagraítear in Alt 57 nó 74. | **2** |



Comhairle na mBreithiúna
The Judicial Council